**Nótaí Cruinnithe**

| An tSraith Shóisearach<br>Nuatheangacha Iasachta | Meitheal Forbartha Cruinniú 2<br>An 07 Feabhra 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, Clár Oibre, Coimhlintí Leasa** | Ghabh an Cathaoirleach buíochas le baill na meithle agus chuir sé fáilte rompu agus glacadh leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach.<br>Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| **An Nuacht is Déanaí** | Cuireadh nuashonrú amháin maidir leis an téacs athbhreithnithe i *dTábla 6: Tuairisc ar Chur i bhFeidhm Luath* i láthair agus d'aithin baill na meithle é. |
| **Forbhreathnú ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna):** | Rinne na baill MRB1: *Cumarsáid ó bhéal* agus MRB2: *Punann Teanga an Scoláire* a mheas.<br>Bhí an mheitheal i mbun plé ina dhiaidh sin. |
| **Aiseolas ón EER maidir le MRB1 agus MRB2** | Mheas na baill an t-aiseolas ón Tuairisc ar Chur i bhFeidhm Luath (EER) maidir le MRB1 agus MRB2 agus bhí siad ag obair i ngrúpaí beaga chun na deiseanna agus na dúshláin a mheas, a bhaineann le hord na MRBanna a aisiompú agus an gá le tuilleadh soiléireachta agus tacaíochta sa tsonraíocht athbhreithnithe. |
| **Ceist maidir le hainm nua a thabhairt ar MRB2 agus ról phunann teanga an scoláire a shoiléiriú** | Mheas an mheitheal an bealach is fearr le feabhas a chur ar shoiléireacht agus cuspóir phunann teanga an scoláire agus MRB2. Ina measc sin bhí ceist an teidil ar MRB2. |
| **Athmhachnamh agus na Chéad Chéimeanna Eile** | Déanfaidh Feidhmeannas CNCM an plé agus an obair a rinneadh a mheas agus ar an mbonn sin cuirfidh sé clár oibre agus dréacht-ábhair le chéile don chéad chruinniú eile.<br><br>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht i rith an chruinnithe.<br>**An Chéad Chruinniú Eile:** An 1 Márta 2024 |